



Scéim Príomhréimsí Forbartha na nEalaíon sa Ghaeltacht

Spriocdháta Dé hAoine 9 Márta, 2018

Mar chuid de Straitéis Forbairt na nEalaíon sa Ghaeltacht, tá Ealaín na Gaeltachta Teo. ag glacadh le hiarratais ó ghrúpaí leasmhara ar suim leo tionscadail nó seirbhísí ealaíon a fhorbairt nó a sholáthar sa Ghaeltacht sna príomh réimsí forbartha seo a leanas:

- Forbairt/ cothú sraith imeachtaí ealaíon do lucht spéise na nEalaíon
- Na hEalaíona a eascraíonn as Traidisiún Béil na Gaeltachta
- Litríocht na Gaeilge
- Ealaíon don Aosach
- Drámaíocht na Gaeilge

Is comh-mhaoiniú idir Údarás na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon atá sa scéim seo agus tá sé mar chuid lárnach de Straitéis le haghaidh Forbairt na nEalaíon sa Ghaeltacht.

Beidh méid an chiste a bhronnfar ag brath ar an bhforbairt atá i gceist. Caithfear an ciste a tharraingt taobh istigh de thréimhse 18 mí. Muna n-éileofar an t-airgead taobh istigh den thréimhse seo, cuirfear ar ceal é.

Tá leibhéil maoinithe na scéime seo teoranta agus tugtar tús áite do na tograí sin atá ag feidhmiú faoin scéim seo cheana féin.

Critéir le haghaidh maoiniú

- **An Ghaeilge:** Cuirfear an clár / togra i bhfeidhm trí mheán na Gaeilge.
- Caithfidh **polasaí soiléir ealaíne** a bheith ag an iarrthóir.

- **Páirtíocht ag ealaíontóirí gairmiúla**
- Cuirfear **plean oibre** san áireamh a thaispeánann aidhm, cuspóir, straitéis, próiseas agus an toradh lena bhfuiltear ag súil leis ón togra.

- **Fianaise maidir le foinsí eile maoinithe nó tacaíochta**
m.s. maoiniú ó eagrais eile, urraíocht, úsáid ionaid, am deonach, urraíocht comhchineáil, úsáid theileafóin, ríomhaire srl.
- **Cumas bainistíochta agus riaracháin ar an chlár/tionscadal**
 - taithí an iarrathóra
 - struchtúir eagraíochta
 - saineolas speisialtóra
 - acmhainní & taithí fóirne
- **Measúnú & Monatóireacht**
Plean i dtaca le meastóireacht a dhéanamh ar an gclár: cuntas a choinneáil fad agus atá an togra ar siúl agus tuairisc (le cruthú físe) nuair a bheidh sé críochnaithe.

Próiseas Iarratais

Ba chóir do thionscnamh a phlé leis an áisitheoir ealaíona áitiúil sara dhéanann tú iarratas ar an scéim seo.

Caithfidh iarrthóirí foirm iarratais a líonadh agus cur síos a dhéanamh ar chuspóirí, nádúr agus aidhm an tionscadal molta agus léiriú soiléir a thabhairt ar spriocanna, an próiseas oibre agus an toradh lena bhfuiltear ag súil. Tá an fhoirm ar fáil ón Áisitheoir Ealaíon in Oifig Údarás na Gaeltachta.

Is gá an t-eolas seo leanas a chur leis an iarratas:

- CV'anna de na healaíontóirí a bheidh páirteach & samplaí dá gcuid oibre
- sonraí airgeadais agus riaracháin chomh maith le heolas faoi thacaíocht a lorgáodh nó a ceadáodh don togra
- cruthúnas de thacaíocht áitiúil, más ann dó
- sonraí faoi mhonatóireacht atá beartaithe chomh maith le próiseas meastóireachta le héifeacht an tionscadal a chinntiú.
- bunrecht na heagraise nó Meabhrán & Airteagail Chomhlachais na cuideachta
- liosta iomlán dos na baill coiste/boird & a gcuid rólanna
- eolas ábhartha ar bith eile

Tuilleadh Eolais: ealain@udaras.ie nó www.ealain.ie



Foirm Iarratais

Scéim Príomhréimsí Forbartha na nEalaíon sa Ghaeltacht *Spríocdháta Dé Céadaoin 7 Márta* (le líonadh de réir Critéir na Scéime)

1. SONRAÍ AN IARRTHÓRA:

Ainm an Iarrthóra (teideal dlíthiúil/cláraithe - ba chóir go mbeadh ainm an Iarrthóra mar an gcéanna leis an ainm atá cláraithe do chúrsaí cánach, ar an cuntas bainc agus ar an mBunreacht/Meabhrán & Airteagail):

Teideal an togra (munar ionainn é agus ainm na hiarrthóra): _____

Ainm an Phríomhtheagmhálaí: _____

Seoladh: _____

Uimhir Gutháin: _____ Ríomhphost: _____

Suíomh Gréasáin: _____

Uimhir thagartha Chánach / Uimhir PPS: _____

Struchtúr (m.s. grúpa deonach, Cuideachta faoi Theorainn Rátháochta nó eile):

Ainmneacha/Stiúrthóirí (Príomh Bhaill an ghrúpa):

Ainm	Uimhir Theagmhála	Ról (m.sh Cathaoirleach)

6. Buiséad (n.b. caithfear an leathanach seo a chomhlíonadh, agus is féidir eolas breise a chur ar fáil ar leathanach eile más maith leat)

Caiteachas / Costais

€

Costais léiriúcháin (ábhar ina measc, tabhair sonraí, le do thoil):	
Táillí Ealaíontóirí (tabhair sonraí, le do thoil):	
Táillí eile/Tuarastal (tabhair sonraí, le do thoil):	
Costas oifige/riaracháin m. sh. guthán, facs srl. (tabhair sonraí, le do thoil):	
Costais Poiblíochta/Margaíochta (tabhair sonraí, le do thoil):	
Costas Teastas Iniúcháin	
Taisteal & Cothú (tabhair sonraí, le do thoil):	
Ábhair (tabhair sonraí, le do thoil):	
Eile (tabhair sonraí, le do thoil):	
Mór Iomlán caiteachas	
Foinsí Ioncam	
Teacht isteach measta an tionscnamh/clár (m.sh. díolacháin ticéid, coimisiún ar shaothar ealaíne - tabhair sonraí, le do thoil):	
Deontais ó eagrais eile (tabhair sonraí, le do thoil):	
Urraíocht:	
Eile (tabhair sonraí, le do thoil):	
Mór Iomlán ioncam	
Suim atá á lorg ó Ealaín na Gaeltachta Teo.	

7. Iarrachtaí atá déanta go dtí seo nó atá á dhéanamh chun teacht ar fhoinsí eile airgid. Toradh na n-iarrachtaí sin: Beidh tacaíocht ag brath ar dheimhniú a bheith ar fáil i dtaobh fhoinsí tacaíochta eile.

8. Buntáistí an tionscnaimh/na n-imeachtaí seo do fhorbairt na n-ealaíon sa cheantar:

• *Sa ghearrthéarma :*

• *Sa fadthéarma:*

9. Buntáistí an tionscnaimh/na n-imeachtaí seo do chruthú fostaíochta sa cheantar:

• *Sa ghearrthéarma :*

- Daoine fostaithe lán aimseartha de bharr an tionscadal seo: _____
- Daoine fostaithe páirt aimseartha de bharr an tionscadal seo: _____
- Daoine fostaithe go séasúrach de bharr an tionscadal seo: _____

• *Sa fadthéarma:*

10. Mínigh conas atá sé i gceist agat go mbeidh an Ghaeilge á úsáid agus á chur chun cinn mar chuid den gclár

11. An bhfuil aon tacaíocht eile á fháil ag an ghrúpa ó Údarás na Gaeltachta nó ón Chomhairle Ealaíon don togra seo, nó d'aon togra eile a bhfuil plé ag an ghrúpa leis (sonraigh led' thoil)?

12. Aon eolas breise a bheadh ábhartha i dtaobh an tionscnaimh:

13. Má theastaíonn uait bheith ar liosta ríomhphoist Ealaín na Gaeltachta, cuir tic sa bhosca

14. Síniú an Chathaoirligh: _____ Dáta: _____

Doiciméid Tacaíochta

Ba chóir an t-eolas seo a leanas a chur leis an iarratas:

Doiciméid Tacaíochta-Iniata (*cuir Tic sa bhosca*)

Bunreacht nó Meabhrán & Airteagail (riachtanach)	
CV (anna) na nEalaíontóirí a bheidh páirteach & samplaí dá gcuid oibre	<input type="checkbox"/>
Fianaise maidir le foinsí eile airgid nó tacaíocht chomhchineál	<input type="checkbox"/>
Sonraí faoi mhonatóireacht atá beartaithe chomh maith le próisis meastóireachta le héifeacht na scéime a chinntiú. –	<input type="checkbox"/>
Eolas ábhartha ar bith eile a léiríonn caighdeán ealaíona na heagraíochta, rannpháirtíocht & líon an lucht féachana , ábhar bolscaireachta (sonraigh le do thoil)-	<input type="checkbox"/>

Nóta

Tá sé inmholta go mbeadh an fhoirm seo clóite agus curtha chugainn ar ríomhphost agus an leathanach sínithe a chuir chugainn mar chruachóip. Tá sé riachtanach na doiciméid tacaíochta ábhartha bheith iniata leis an fhoirm.

Áisitheoirí Ealaíona

Tír Chonaill: Micheál Mac Aoidh, Áisitheoir Ealaíon, f/ch Údarás na Gaeltachta, Páirc Gnó Ghaoth Dobhair, Doirí Beaga, Co Dhún na nGall, 074 9560100
m.macaoidh@udaras.ie

Connacht & Co na Mí: Muireann Ní Dhroighneáin, Áisitheoir Ealaíon, f/ch Údarás na Gaeltachta, na Forbacha, Co. na Gaillimhe 091 503100
m.nidhroighneain@udaras.ie

Cúige Mumhan: Rachel Holstead, Áisitheoir Ealaíon, f/ch Údarás Na Gaeltachta, Páirc Ghnó an Daingin, An Daingean, Co. Chiarraí 066 915100 nó 026 45366
r.holstead@udaras.ie